AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA **S72T**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

# OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ hAOINE 7 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 3.30

Uimhir an Ionaid [ ]

Uimhir Scrúdaithe [ ]

## TREORACHA

1. **Déan deimhin de go scríobhann tú d'uimhir scrúdaithe sa bhosca thuas.**

2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (30 marc)
   Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (60 marc)
   Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (30 marc)
   Iomlán (120 marc)

3. **Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

4. **Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

**<u>TÁBHACHTACH</u>: Beifear ag súil leis go gclóifidh tú leis an gcur chuige a chleachtaítear sa chúrsa O.S.S.P. ó taobh cearta daonna de agus tú ag freagairt an phaipéir seo.**

| **Don Scrúdaitheoir** | | |
|---|---|---|
| | Ceist | Marc |
| **Roinn 1** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| **Roinn 2** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **Roinn 3** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **IOMLÁN** | | |
| **Suim na n-iomlán ag íochtair na leathanach** | | |
| **Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge** | | |
| **MÓR IOMLÁN agus bónusmharc don Ghaeilge san áireamh** | | |

**ROINN 1.**

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

**1. Taispeánann na fótagraif seo a leanas daoine a bhfuil ceann amháin de na teidil atá liostáilte thíos acu nó go raibh an teideal sin acu tráth. Cuir an teideal ceart os comhair gach duine a thaispeántar sa bhfótagraf. Ní ceadmhach duit aon teideal díobh a úsáid níos mó ná UAIR AMHÁIN.**

**Teidil:** **Taoiseach**

**Tánaiste**

**Coimisinéir an Gharda Síochána**

**Aire Talmhaíochta i dTionól Thuaisceart Éireann**



(a)____________________________________________



(b)____________________________________________



(c)____________________________________________



(d)____________________________________________

(4 mharc)

**2.**

(a) Cad dó a sheasann na ceannlitreacha seo a bhaineann le **DHÁ** eagraíocht idirnáisiúnta.
Caithfidh tú gach péire ceannlitreacha a chomhlánú.

NA = N______________________________ A______________________________

AE = A______________________________E______________________________

(b) Cad dó a seasann na ceannlitreacha seo a bhaineann le dhá dhoiciméad thábhachtacha maidir le Cearta Daonna?
Caithfidh tú gach péire ceannlitreacha a chomhlánú. Tá na ceannlitreacha C agus D comhlánaithe duit cheana féin

DUCD = D__________________________U__________________________ um <u>Chearta</u> <u>Daonna</u>.

CECD = C__________________________E__________________________ um <u>Chearta</u> <u>Daonna</u>.

(c) Cad iad na ceannlitreacha cearta don chóras vótála a úsáidtear in olltoghchán in Éirinn?
Cuir tic √ sa bhosca cuí.

V.S. ☐

I.C. ☐

V.I. ☐

(d) Cén phearsa thábhachtach polaitíochta a bhfuil cónaí air/uirthi in Áras an Uachtaráin?

____________________________________________________________

(e) Cad iad na hainmneacha atá ar **DHÁ** theach an Oireachtais?

____________________ Eireann ____________________ Eireann.

(f) Mínigh an téarma "Corr-thoghchán".

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(g) Cén Roinn Rialtais atá freagrach as:

Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

Na Fórsaí Cosanta?

______________________________________________________________

(h) Cén chúirt Éireannach a chuireann seirbhís ar fáil a fhiosraíonn aighnis tionscail idir ceardchumainn agus fostóirí?

______________________________________________________________

(i) Cad a thugtar ar an údarás áitiúil atá i bhfeighil contae?

______________________________________________________________

(18 marc)

**3.** **Taispeántar thíos CÚIG eagraíocht atá ag baint leis an Aontas Eorpach. Sa bhosca gorm thíos, déantar cur síos ar an bhfeidhm atá ag gach ceann de na heagraíochtaí sin.**

**Cuir gach eagraíocht díobh leis an gcuntas a thugtar ar a feidhm tríd an litir a thaispeánann a feidhm a bhreacadh sa bhosca in aice leis. Tá ceann amháin déanta mar shampla duit. Níl agat le críochnú anois ach CEITHRE cinn.**

| *Eagraíocht* | *Litir ag a thugann cuntas ar a feidhm* |
|---|---|
| Parlaimint na hEorpa | a |
| Comhairle na nAirí | |
| An Banc Ceannais Eorpach | |
| Coimisiún na hEorpa | |
| An Chúirt Bhreithiúnais | |

**FEIDHMEANNA NA nEAGRAÍOCHTAÍ**

(a) An eagraíocht a thugann le chéile ionadaithe a toghadh go díreach ag na daoine i ngach ceann de bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

(b) An eagraíocht a dhéanann cúram de chúrsaí airgeadra airgeadra an Aontais Eorpaigh.

(c) An eagraíocht a thagann ar chinneadh an bhfuil daoine aonair, grúpaí nó Rialtais a bhaineann leis an Aontas Eorpach tar éis an Dlí Eorpach a shárú.

(d) An eagraíocht a thugann airí rialtais le chéile ó gach ceann de bhallstáit an Aontais Eorpaigh chun aidhmeanna ginearálta agus treorú an Aontais a phlé.

(e) An eagraíocht a ullmhaíonn moltaí le haghaidh dlíthe a dhéanann an Chomhairle agus an Pharlaimint a rith ina dhiaidh sin.

(8 marc)

**ROINN 2.**

**Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna a bhfuil na huimhreacha 1,2,3,4, orthu thíos.**

**Is fiú 20 marc gach ceist díobh.**

**1. Bord na hÉireann um Athrú go dtí an euro**

**Déanann an sliocht seo a leanas cur síos ar an obair a bhí idir lámha ag Bord na hÉireann um Athrú go dtí an euro. Scrúdaigh é go cúramach agus freagair na ceisteanna a leanann é.**

**Bord na hÉireann um Athrú go dtí an euro**

Ar an gcéad lá d'Eanáir 1999, bhunaigh aondéag ballstát den Aontas Eorpach Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) agus chruthaigh siad airgead reatha amháin, an euro. Tháinig sé i bhfeidhm ar an lá sin ach amháin nach bhféadfaí é a úsáid mar ghnáth-airgead reatha. Ar an gcéad lá d'Eanáir 2002, tháinig nótaí agus boinn airgid euro isteach i gcúrsaíocht, agus tosaíodh ar nótaí agus boinn airgid Éireannacha a tharraingt siar.

**Bunaíodh Bord na hÉireann um Athrú go dtí an euro chun dhá bheart bhunúsacha a thabhairt i gcrích:**

- chun maoirseacht a dhéanamh ar an athrú go dtí an euro.
- chun eolas a chur ar fáil.

(a) Cad iad an **DÁ** bheart bhunúsacha a bhí le déanamh ag an Bord um Athrú go dtí an euro?

Beart 1. ______________________________________________

(2 mharc)

Beart 2. ______________________________________________

(2 mharc)

(b) Chruthaigh AAE (EMU) an t-airgead reatha aonair, an euro. Cad é an bhrí atá le hairgead reatha aonair?

______________________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

(c) Cad iad na **TRÍ** bhallstát den Aontas Eorpach nach ndeachaigh isteach san euro?

Tír 1. ____________________

Tír 2. ____________________

Tír 3. ____________________

(4 mharc)

(d) Tabhair **DHÁ** chúis gur maith an rud é d'Éirinn dul isteach san euro.

Cúis 1. ____________________________________________________________

____________________________________________________________

Cúis 2. ____________________________________________________________

____________________________________________________________

(4 mharc)

(e) Déan cur síos ar míbhuntáiste **AMHÁIN** d'Éirinn as dul isteach san euro.

Míbhuntáiste ____________________________________________________________

____________________________________________________________

(2 mharc)

(f) Tá daoine ann a deir go bhfuilimid ag tabhairt an iomad údaráis polaitíochta don AE agus nach mbeidh sé seo go maith d'Éirinn. An bhfuil tú ar aon aigne leis an ráiteas seo?
Cuir tic ✓ le Tá nó le Níl.

**TÁ** ☐ **NÍL** ☐

Mínigh do fhreagra.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(4 mharc)

**2.** **Bunreacht na hÉireann**

**Tógadh an sliocht seo a leanas as Bunreacht na hÉireann.**
**Déan staidéar cúramach air agus freagair na ceisteanna a leanann é.**

> **"Ráthaíonn an Stát gan cur isteach lena dhlíthe ar chearta pearsanta aon saoránaigh, agus ráthaíonn fós na cearta sin a chosaint…lena dhlíthe sa mhéid gur féidir é.**
>
> **Déanfaidh an Stát, go sonrach, lena dhlíthe, beatha agus pearsa agus dea-chlú agus maoinchearta an uile saoránaigh a chosaint….**
>
> **Ráthaíonn an Stát saoirse chun na cearta seo a leanas a oibriú….ceart na saoránach chun a ndeimhní is a dtuairimí a nochtadh gan bac…cearta na saoránach chun teacht ar tionól go sítheoilte gan arm…cearta na saoránach chun comhlachais agus cumainn a bhunú"**

(a) Ainmnigh **DHÁ** cheart a luaitear sa sliocht atá sa bhosca gorm thuas.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(2 mharc)

(b) Cad é an bhrí atá leis na focail seo a leanas faoi mar a úsáidtear iad sa sliocht sa bhosca gorm thuas?

An Stát ______________________________

Saoirse ______________________________

Deimhní ______________________________

Comhlachais ______________________________

(4 mharc)

(c) Sa bhunreacht nuair a luaitear cearta na saoránach "chun teacht ar tionól go sítheoilte gan airm", an féidir leat a mhíniú cén fáth go gcuirtear isteach na focail "gan airm"?

(2 mharc)

(d) Is gá reifreann chun Bunreacht na hÉireann a athrú. Cad is brí le reifreann?

(2 mharc)

(e) Sa sliocht luaitear an ceart chun cumainn a bhunú. Tabhair sampla den chineál cumainn a bhí i gceist sa Bhunreacht, agus tabhair **DHÁ** fheidhm a dhéanann an cumann sin dá chuid ball.

Sampla de chumann

An chéad fheidhm atá aige

An dara fheidhm atá aige

(6 mharc)

(f) Tabhair cúis **AMHÁIN** go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag daoine óga in Éirinn mar gheall ar Bhunreacht na hÉireann. Mínigh an chúis sin go hachomair.

(4 mharc)

**3.** **Leithcheal**

**Rinne Cumann Lucht Siúil na hÉireann suirbhé i measc an lucht siúil maidir le cineálacha leithcheala a tharlaíonn don lucht siúil nuair a theastaíonn uathu go ndéanfadh daoine freastal orthu i siopaí,in óstáin agus i dtábhairní.**

**Léiríonn an t-eolas thíos torthaí an tsuirbhé seo.**

**Déan staidéar ar an eolas agus freagair na ceisteanna a leanann é.**

**TÁBHAIRNÍ**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dúirt **88%** go ndeachaigh siad go dtí tábhairne | Dúirt **77%** díobhsan go ndúirt an lucht freastail leo an tábhairne a fhágáil | Dúirt **79%** díobhsan nach dtabharfaí aon deoch dóibh sa tábhairne | Dúirt **71%** díobhsan nach dtabharfaí aon deoch dóibh *"mar gur daoine den lucht siúil a bhí iontu"* |

**ÓSTÁIN**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dúirt **61%** go ndearna siad iarracht ar óstán a chur in airithe le haghaidh ócáide | Dúirt **76%** díobhsan go raibh deacrachtaí acu | Dúirt **47%** díobhsan *"mar gur lucht siúil sinn "* | Dúirt **45%** díobhsan gur iarradh orthu an áit a fhágáil nó an áirithint a chur ar ceal |

**SIOPAÍ**

| | | |
|---|---|---|
| Dúirt **54%** gur iarradh orthu an siopa a fhágáil | Dúirt **66%** gur tharla sé dóibh go ndearnadh freastal ar dhaoine eile rompu | Dúirt **60%** go ndearnadh díspheagadh orthu i siopaí agus go raibh náire orthu faoin gcaoi a caitheadh leo |

(a) Cén céatadán den Lucht Siúil a chuaigh go dtí tábhairne agus a dúirt siad gur diúltaíodh deoch mheisciúil a thabhairt dóibh?

__________________________

(2 mharc)

(b) Cén céatadán den Lucht Siúil a dúirt go ndearna siad iarracht óstán a chur in áirithe le haghaidh ócáide?

__________________________

(2 mharc)

(c) Cén céatadán den Lucht Siúil a dúirt go ndearnadh freastal ar dhaoine eile rompu?

__________________________

(2 mharc)

(d) Ón suirbhé, ainmnigh ceart daonna **AMHÁIN** gur dócha a ceileadh ar dhaoine áirithe den Lucht Siúil.

Ceart Daonna ____________________________________________

(2 mharc)

(e) Tá cultúr ar leith ag an Lucht Siúil atá difriúil leis an gcultúr atá ag daoine atá ag cur fúthu in áit amháin. Déan cur síos ar **DHÁ** shlí ina bhfuil difríocht idir cultúr an lucht siúil agus cultúr na ndaoine atá ag cur fúthu in áit amháin. **Caithfear an freagra a scríobh ar bhonn cearta daonna.**

An chéad slí: ____________________________________________

____________________________________________

An dara slí: ____________________________________________

____________________________________________

(4 mharc)

(f) Cés moite den Lucht Siúil an féidir leat grúpa daoine a ainmniú go mb'fhéidir go ndearnadh leithcheal orthu? Déan cur síos ar an tslí go ndearnadh leithcheal ar na daoine seo agus ansin luaigh **DHÁ** shlí ina bhféadfaí an cineál sin leithcheala a chosc.

Ainm an ghrúpa ____________________________________________

(2 mharc)

An chaoi go m'fhéidir go ndearnadh leithcheal orthu ______________________

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

Dhá shlí chun an cineál leithcheala seo a chosc

An chéad slí ____________________________________________

____________________________________________

An dara slí ____________________________________________

____________________________________________

(4 mharc)

**4. <u>Idirspleáchas</u>**

**Tógadh an t-eolas seo a leanas (atá curtha in oiriúint) as suíomh ar an idirlíon a bhaineann le Trócaire / OSSP. Tá an t-eolas ag tagairt do bhróga traenála (bróga reatha). Déan staidéar cúramach ar an eolas agus freagair na ceisteanna a leanann é.**

**Bróga traenála (bróga reatha)**

Déanta as ábhair éagsúla de dhéanamh an duine, cuireadh mo bhróga traenála le chéile i monarcha Chóiréach san Indoinéis. Tháinig an leathar don pháirt uachtarach as ba ó Texas ach gur cuireadh na seithí le haghaidh súdaireachta go dtí an Chóiré Theas, áit nach bhfaigheann an lucht oibre pá ard. Tugtar súdaireacht ar an bpróiseas ina ndéantar leathar as seithí, is féidir ceimicí an-láidir a úsáid chuige sin uaireanta.

An bhean Indoinéiseach a rinne mo bhróga a chosain €64, thuill sí €2 in aghaidh an lae agus bhí sí ag obair i dteocht a bhí gairid do 40 céim celsius.

Nike an comhlacht a dhéanann bróga traenála, déanann siad urraíocht ar an imreoir gailf, Tiger Woods. Tugann siad beagnach €38 milliún in aghaidh na bliana dó chun a suaitheantas-san a chaitheamh ar a chaipín agus ar a gheansaí.

Déantar praghas na bróige traenála a roinnt suas idir na príomh-ghrúpaí a bhfuil baint acu lena táirgeadh agus lena dháileadh, ar an gcaoi seo:

| **Grúpaí a bhfuil baint acu leis** | **An céatadán a fhaigheann siad** |
|---|---|
| **Nike** | **33%** |
| **Siopaí** | **50%** |
| **Monarchana (úinéirí/bainisteoirí)** | **11.5%** |
| **Monarchana (oibrithe)** | **0.5%** |

(a) As na grúpaí a bhfuil baint acu le táirgeadh agus le dáileadh na mbróga traenála, cé acu díobhsan atá ag fáil:

an céatadán is mó? ______________________________

(2 mharc)

an céatadán is ísle? ______________________________

(2 mharc)

(b) Cén fáth a gceapann tú go bhfuil Nike sásta €38 milliúin in aghaidh na bliana a íoc le Tiger Woods chun a suaitheantas-san a chaitheamh ar a chaipín agus ar a gheansaí?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

(c) Sampla is ea táirgeadh na mbróg traenála den idirspleáchas domhanda.
Agus úsáid á bhaint agat as eolas ón sliocht, **agus as sin amháin,** mínigh cad is brí le sin.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

(d) Sampla is ea Nike de chomhlacht ilnáisiúnta. Cad is brí leis sin?

Séard atá i gcomhlacht ilnáisiúnta ná ______________________________

______________________________________________

(2 mharc)

(e) Tabhair sampla de **DHÁ** thionscal ilnáisiúnta éagsúla atá ag obair in Éirinn. Tabhair sampla de cad a tháirgíonn gach comhlacht díobh.

Samplaí de chomhlachtaí ilnáisiúnta in Éirinn.

Sampla 1. ______________________________________

Is é an rud a tháirgíonn an tionscal ná ______________________________

______________________________________________

(2 mharc)

Sampla 2. ____________________________________________

Is é an rud a thárgaíonn an tionscal seo ná ______________________________

____________________________________________

(2 mharc)

(f) D'fhéadfadh comhlachtaí ilnáisiúnta a bheith go maith agus go holc do fhorbairt tíre. Déan cur síos ar shlí **AMHÁIN** ina bhféadfadh na comhlachtaí sin a bheith go maith **agus** slí **AMHÁIN** ina bhféadfadh siad a bheith go holc do fhorbairt tíre.

Slí amháin ina bhfuil comhlachtaí ilnáisiúnta go maith do fhorbairt tíre ná:

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

Slí amháin ina bhfuil comhlachtaí ilnáisiúnta go holc do fhorbairt tíre ná:

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

**ROINN 3.**

**Freagair ceann AMHÁIN de na ceisteanna a bhfuil na huimhreacha 1, 2,3,4, orthu thíos.**
**Is fiú 30 marc gach ceist díobh.**
**Má bhíonn páipéar breise ag teastáil uait chun an cheist seo a fhreagairt tá sé le fáil ón bhfeitheoir scrúduithe.**

**1. Vótáil**

Tá tú tar éis a fháil amach ó shuirbhé a rinneadh le déanaí nach bhfuil sé i gceist ag a lán de na mic léinn sinsearacha i do scoil vótáil sa chéad olltoghchán eile, cé go bhfuil siad i dteideal vótáil.

(a) Scríobh píosa cainte gairid a thabharfaidh do rang OSSP do na mic léinn sinsearacha ag cruinniú scoile am lóin. Sa chaint sin déan **TRÍ** chúis ar a laghad a léiriú ar cén fáth go mba cheart dóibh vótáil sa chéad olltoghchán eile. (10 marc)

(b) Tarraing sceitse de phóstaer a dhearfá a dhearadh chun iad a mhealladh chun freastal ar an gcruinniú. Ba chóir duit manadh a bheadh oiriúnach a thaispeáint sa sceitse maille le líníocht imlíneach nó grafaic. (10 marc)

(c) (i) Tabhair **DHÁ** chúis nach bhfuil aon suim ag daoine óga áirithe vótáil.
(ii) Tabhair slí **AMHÁIN** ina bhféadfaí iad a mhealladh chun vótáil.
(10 marc)

**2. Dídeanaithe agus daoine a bhíonn ag lorg tearmainn**

Tá se i gceist óstán i do cheantar a úsáid mar ionad ina nglacfar isteach grúpa de dhídeanaithe agus daoine atá ag lorg tearmainn.

(a) Déan cur síos ar **DHÁ** bheart a d'fhéadfadh do rang OSSP a dhéanamh ionas go mbeadh a fhios ag páistí an dreama seo go mbeadh fáilte rompu i do scoil. (10 marc)

(b) Scríobh litir chuig duine sinsearach atá ina cheannaire ar an ngrúpa ag tabhairt cuireadh dó teacht chun labhairt le do rang OSSP. I do litir ainmnigh **TRÍ** cheart daonna a bhfuil tionchar acu ar dhídeanaithe in Éirinn agus go mba mhaith leis an rang iad a phlé léi/leis. Ba cheart duit freisin a mhíniú go soiléir don cheannaire cén fáth go bhfuil tú tar éis a bheith ag plé na bpointí seo le do rang OSSP. (10 marc)

(c) Scríobh **TRÍ** cheist a chuirfeá ar an gceannaire seo faoin gcaoi a raibh an saol aici/aige mar dhídeanaí nó mar dhuine a bhí ag lorg tearmainn **sular** tháinig sí/sé go hÉirinn. I ngach cás tabhair cúis leis an gceist seo a chur ó tharla gur pháirt de do chúrsa OSSP é. (10 marc)

**3. Loitiméireacht**

Tharla go ndearnadh loitiméireacht i do scoil cuid mhaith uaireanta i rith am scoile, agus is mian le do rang OSSP rud éigin a dhéanamh sa chaoi nach dtárlóidh sé arís.

(a) Tá sé i gceist agat suirbhé a dhéanamh i do scoil ar an gceist seo. Scríobh síos **CÚIG** cheist a chuirfeá sa suirbhé seo. Tabhair cúis le **gach** ceist díobh a chur maidir le fadhb seo na loitiméireachta. (10 marc)

(b) Scríobh alt gairid do irisleabhar na scoile ina dtugtar míniú ar an gcaoi a gcuirtear isteach ar chearta na mac léinn nuair a tharlaíonn loitiméireacht den chineál sin. I do fhreagra ba cheart duit **TRÍ** cinn ar a laghad de na cearta sin a lua. (10 marc)

(c) Déan cur síos ar **THRÍ** shlí go bhféadfadh mic léinn i do scoil páirt ghníomhach a ghlacadh le bainistíocht na scoile chun deimhin a dhéanamh nach dtarlódh loitiméireacht den chineál seo arís. (10 marc)

**4. Óg-Pharlaimint Eorpach**

Tá cuireadh faighte agat páirt a ghlacadh i ndíospóireacht de chuid na hÓg Pharlaiminte Eorpaigh.

(a) Ainmnigh trí mhór-cheist pholaitíochta a cheapann tú atá tábhachtach do Eorpaigh óga an lae inniu. I do fhreagra, mínigh cén fáth a cheapann tú go mba chóir gach ceann de na ceisteanna polaitíochta seo a phlé san Óg-Pharlaimint Eorpaí.

(10 marc)

(b) I gcás ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna polaitíochta sin, scríobh óráid ghairid a thabharfá don Pharlaimint ag léiriú tábhacht na ceiste. I do óráid cuir isteach plean gníomhaíochta ina mbeidh **TRÍ** phointe a chabhródh chun aghaidh a thabhairt ar an gceist pholaitíochta seo ar bhonn réasúnta.

(10 marc)

(c) *Comhairlí ranga, comhairlí mac léinn agus óg-pharlaimintí.*
Dar le daoine fásta go minic, slí mhaith is ea a leithéidí chun suim na ndaoine óga i bpolaitíocht a spreagadh. An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? I do fhreagra ar an gcéad dul síos, caithfidh tú a rá-"sea Aontaím leis an ráiteas seo **nó** ní hea –ní Aontaím leis an ráiteas seo". Ba chóir duit do fhreagra a mhíniú ansin.

(10 marc)

---

**Cuir tic ✓ le do thoil leis an gceist atá tú ag freagairt as Roinn 3.**

**Ceist 1** ☐ **Ceist 2** ☐ **Ceist 3** ☐ **Ceist 4** ☐